Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2015
(OR. en)

8079/15

CONOP 29
CODUN 9
CFSP/PESC 61

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | An Chomhairle |
| An: | 20 Aibreán 2015 |
| Uimh. an doic. roime seo: | 7276/15 CONOP 19 CODUN 7 CFSP/PESC 22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Naoú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Naoú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 20 Aibreán 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Naoú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach**

1. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas Eorpach bonn ar aon le chéile faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach mar bhunchloch an chórais dhomhanda maidir le neamhleathadh arm núicléach, an bunús bunriachtanach chun dí-armáil núicléach a shaothrú i gcomhréir le hAirteagal VI den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus gné thábhachtach i ndáil le forbairt bhreise ar fheidhmiúcháin fuinnimh núicléach chun críocha shíochánta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta seasamh le Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus lena chaomhnú mar phríomhthosaíocht, agus mar ionstraim iltaobhach chun an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a chothabháil agus a neartú.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an Naoú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a thionólfar ón 27 Aibreán go dtí an 22 Bealtaine 2015 ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac agus leagann sí béim ar an tábhacht atá aige mar chloch mhíle i saincheisteanna maidir le neamhleathadh agus dí-armáil ar dhóigh dhomhanda.

3. Agus aird á tabhairt ar an timpeallacht slándála thromchúiseach atá ann faoi láthair, athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais Eorpaigh maidir leis na trí cholún den Chonradh agus le cur chun feidhme na ngealltanas go léir a glacadh faoin gConradh nó a rinneadh le linn Comhdhálacha Athbhreithnithe roimhe sin.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcuireann an tAontas Eorpach chun cinn i gcónaí cur chun feidhme iomlán cuimsitheach, cothrom agus substainteach Phlean Gníomhaíochta 2010, lena n-áirítear céimeanna nithiúla maidir le dí-armáil núicléach, maidir le neamhleathadh agus maidir le húsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach, agus atá ina threochlár coiteann don Chomhdháil Athbhreithnithe 2015 nuair a bheidh cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2010 thar na trí cholún go dtí seo á mheas.

5. Is mian leis an gComhairle a chur in iúl go láidir go bhfuil cur chun feidhme na 64 ghníomhaíocht i bPlean Gníomhaíochta 2010 ina fhreagracht chomhchoiteann do gach Stát is Páirtí sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, gan eisceacht.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas Eorpach dí-armáil núicléach a shaothrú, i gcomhréir le hAirteagal VI den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, agus leagann sí béim ar an ngá atá le dul chun cinn nithiúil sa réimse seo, go háirithe trí laghdú foriomlán sa stoc-charn domhanda arm núicléach.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle na laghduithe suntasacha atá déanta go dtí seo, ag cur san áireamh an fhreagracht speisialta atá ar na Stáit sin a bhfuil na harmlanna is mó acu. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di freisin a gcuid tásc maidir le dul chun cinn i gcur chun feidhme Chonradh New START agus spreagann sí go láidir iad a gcuid armlann núicléach a laghdú tuilleadh, lena n-áirítear airm straitéiseacha, airm neamh-straitéiseacha, airm atá in úsáid agus airm nach bhfuil in úsáid. Is díol sásaimh di tionól Comhdhálacha P5 maidir leis an obair leantach a tháinig as Comhdháil Athbhreithnithe 2010 ar an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, lena n-áirítear cothú muiníne, trédhearcacht, gníomhaíochtaí fíoraithe agus plé maidir le tuairisciú agus spreagann sí an tionól sin freisin.

8. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí don dí-armáil núicléach agus don rialú arm atá bunaithe ar chonradh agus leagann sí béim ar an ngá atá le hiarrachtaí iltaobhacha a athnuachan agus comhlachtaí iltaobhacha caibidlíochta a athbheochan, go háirithe an Chomhdháil maidir le Dí-Armáil, ag féachaint i dtaca leis sin ar na féidearthachtaí atá ann, amhail an chomhdháil a mhéadú amach anseo. Is cúis imní fós an tsáinn leanúnach, lena n-áirítear an mhainneachtain leanúnach teacht ar chomhaontú maidir le Clár Oibre.

9. Iarrann an Chomhairle an athuair go dtosófar láithreach an chaibidlíocht sa Chomhdháil maidir le Dí-Armáil ar Chonradh lena gcuirfear toirmeasc ar tháirgeadh ábhar inscoilte le haghaidh airm núicléacha nó feistí pléascáin núicléacha eile, ar bhonn CD/1299 agus an tsainordaithe atá ann agus iarrann sí freisin go dtabharfar an chaibidlíocht sin chun críche go luath.

10 Measann an Chomhairle go bhfuil an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha ríthábhachtach don dí-armáil agus don neamhleathadh núicléach agus is príomhthosaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh i gcónaí a theacht i bhfeidhm. Leanann an Chomhairle den chuspóir seo a chur chun cinn trí rannpháirtíocht taidhleoireachta agus airgeadais ar fiú breis is EUR 15.5 milliún a aistríodh chuig an Eagraíocht don Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) ó 2006 i leith.

11 Tugann an Chomhairle dá haire na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhaineann le húsáid arm núicléach agus cuireann sí in iúl go láidir go bhfuil an fhreagracht á roinnt ag na Stáit ar fad chun tarlú den sórt sin ann a chosc. Tugann an Chomhairle dá haire freisin, i ndáil leis sin, an plé leanúnach maidir le hiarmhairtí na n-arm núicléach, a gcuirtear tuairimí éagsúla in iúl lena linn, lena n-áirítear ag comhdháil idirnáisiúnta a d'eagraigh an Ostair, nár ghlac Ballstáit uile an Aontais páirt inti.

12. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin thromchúiseacha núicléacha a leanann de bheith ina mbagairt don tslándáil idirnáisiúnta, agus an gá atá ann teacht ar réiteach síochánta agus taidhleoireachta orthu, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá don chomhphobal idirnáisiúnta a bheith ar an airdeall agus a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun díriú orthu ar bhealach diongbháilte. Aithníonn an Chomhairle freisin gur páirt bhunúsach den chóras maidir le neamhleathadh arm núicléach é córas cosaintí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) a bhfuil ról fíorthábhachtach aici an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chur chun feidhme. Cuireann an Chomhairle i bhfáth príomhfhreagracht Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcásanna neamhchomhlíonta.

13. Cáineann an Chomhairle an triail núicléach a rinne Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK) i mí Feabhra 2013, mar aon leis an mbagairt ón DPRK triail núicléach eile a dhéanamh, sárú glan ar a cuid oibleagáidí idirnáisiúnta, go háirithe na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá uirthi faoi Rúin 1718, 1874, 2087 agus 2094 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a d'iarr ar DPRK a clár arm núicléach a thréigean agus filleadh ar an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus ar chosaintí IAEA go luath.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí taidhleoireachta leantacha idir E3/AE+3 agus Poblacht Ioslamach na hIaráine, a chuireann béim ar a dtiomantas leanúnach do chaibidlíocht maidir le réiteach cuimsitheach a dhéanfadh cineál iomlán síochánta chlár núicléach na hIaráine a ráthú; iarrann sí go pras ar an Iaráin comhoibriú go hiomlán le IAEA maidir leis na saincheisteanna go léir atá fós gan réiteach, lena n-áirítear Gnéithe Míleata a d'fhéadfadh a bheith ann agus iarrann sí ar an Iaráin Cód 3.1 modhnaithe den Pháirt Ghinearálta de na Socruithe Coimhdeacha don Chomhaontú maidir le Cosaintí a chur chun feidhme agus an Prótacal Breise a thabhairt i bhfeidhm mar, ina éagmais sin, is oth leis an gComhairle nach féidir le IAEA ráthaíochtaí inchreidte a thabhairt maidir le heaspa ábhair núicléach agus gníomhaíochtaí núicléacha neamhdhearbhaithe san Iaráin.

15. Is cúis mhór aiféala é don Chomhairle go bhfuil an tSiria fós gan neamhchomhlíonadh an Chomhaontaithe maidir le Cosaintí a leigheas trí chomhoibriú mar ábhar tosaíochta agus go trédhearcach le IAEA chun na saincheisteanna go léir ar a bhfuil obair fós le déanamh a réiteach agus iarrann sé ar an tSiria Prótacal Breise a shíniú, a thabhairt i bhfeidhm agus a chur chun feidhme ina iomláine le IAEA a luaithe is féidir.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas do bhunú limistéar atá saor ó airm ollscriosta agus óna gcórais seachadta sa Mheánoirthear; is oth léi nach rabhthas in ann go dtí seo Comhdháil a thionól maidir le bunú limistéir den sórt sin ag a mbeidh na Stáit go léir sa réigiún i láthair; tacaíonn sí go huile is go hiomlán leis an ullmhúchán leanúnach agus molann sí na comhthionólaithe, agus go háirithe, an tÉascaitheoir agus a fhoireann dá n-iarrachtaí gan faoiseamh i dtaca leis sin, lena n-áirítear an tsraith cruinnithe neamhfhoirmiúla a reáchtáladh san Eilvéis; agus iarrann sí ar na Stáit go léir sa réigiún plé réamhghníomhach a dhéanamh leis an Éascaitheoir, leis na comhthionólaithe agus lena chéile agus tionóil na Comhdhála chomh luath agus is féidir mar chuspóir acu, ar bhonn socruithe ar tháinig Stáit an réigiúin orthu dá dtoil féin.

17. Iarrann an Chomhairle go molfaidh na Stáit is Páirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach don Chomhdháil Athbhreithnithe 2015 tacú le coincheap fhorbairt fhreagrach úsáidí síochánta an fhuinnimh núicléach faoi na bearta is fearr ó thaobh sábháilteachta, slándála, agus neamhleata de.

18. Maidir le húsáidí síochánta an fhuinnimh núicléach, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht don cheart dosháraithe atá ag gach páirtí sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach chun taighde, táirgeadh agus úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach chun críocha síochánta a fhorbairt gan idirdhealú agus i gcomhréir leis an gConradh.

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur tosaíocht atá ann le fada an lá ag an Aontas Eorpach é neartú slándála núicléiche agus go bhfuil sé ina ghné thábhachtach fós in éascú an chomhair idirnáisiúnta in úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach. Ag an gCruinniú Mullaigh faoin tSlándáil Núicléach rinneadh réamhobair thábhachtach atá dírithe ar shlándáil núicléach a neartú, ar bhagairt na sceimhlitheoireachta núicléiche a laghdú agus ar an ábhar núicléach leochaileach go léir a dhaingniú sna blianta atá le teacht. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí chun na spriocanna sin a bhaint amach. Aithníonn sí príomhról IAEA agus an obair ard-luacha a dhéanann sí chun an creat slándála núicléiche a neartú. Tá tacaíocht airgeadais shubstainteach tugtha ag an Aontas Eorpach do Chiste Slándála Núicléiche IAEA: EUR 40 milliún ó 2004 i leith.

20. Spreagann an Chomhairle na Stáit go léir páirt chuiditheach a ghlacadh sa phlé maidir leis an gcuspóir sábháilteachta agus tionóiscí núicléacha agus raideolaíocha a chosc agus, dá dtarlódh tionóisc, na héifeachtaí a mhaolú agus éilliú lasmuigh den láthair a sheachaint.

21. Meabhraíonn an Chomhairle gur thacaigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit le linn an timthrialla athbhreithnithe reatha le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2010 an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, ní hamháin trí mheáin agus tionscnaimh thaidhleoireachta, ach trí oiliúint phraiticiúil agus trí chúnamh praiticiúil, agus ar an gcaoi sin tá sé ar cheann de na rannpháirtithe is tábhachtaí i dtaca le neartú an Chonartha.

22. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le huiliú an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus iarrann sí ar na Ballstáit nach an méid sin déanta fós acu dul isteach sa Chonradh mar Stáit nach bhfuil airm núicléacha acu agus cloí leis na téarmaí go dtí go mbeidh siad tar éis aontú don Chonradh.

23. Spreagann an Chomhairle na Stáit go léir is Páirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach oibriú chun go n-éireoidh go geal le Comhdháil Athbhreithnithe 2015 agus go mbeidh toradh maith air.